Eochairchéim 2

Ag foghlaim faoi Dhaonáireamh Thuaisceart Éireann

Déanaimis Cuntas!

Ceacht 3: Úsáid a bhaint as na Sonraí

Stór focal tábhachtach

ceantar	úsáideoirí	Carraig Fhearghais	daonáireamh
contae	sonraí	scag	ráiteas ginearálta
suíomh	píchairt	cód poist	aidhm
lonnaíocht	iompar	taisteal	léaráid Venn

Seo cuid de na focail úsáideacha a bhíonn i ráitis ghinearálta: gach, an chuid is mó, cuid ar bith, níos mó, níos lú, is lú.



Scríobh 3 ráiteas ghinearálta faoi na patrúin agus treochtaí a thig leat a fheiceáil sna píchairteacha.

1. _____

2. _____

3. _____

Anois, pléigh an méid a léiríonn na sonraí ó 2021, dar leat.

Áis 2

Ag Obair nó ag Staidéar sa Bhaile: Maith nó Olc?

Déanaimis Cuntas!

Déan do mhachnamh ar na mothúcháin atá liostaithe thíos.

ar mo sháimhín só	sona	tuirseach	faoi strus	uaigneach	ar mo shuaimhneas
compordach	dírithe	cantalach	sáinnithe	achrannach	mearbhall orm
socair	éifeachtach	falsa	codlatach	scoite amach	gnóthach

Cuir gach focal sa léaráid Venn thíos. Thig leat focail de do chuid féin a chur inti chomh maith.

Cén dóigh a mothaíonn tú nuair bhíonn tú ag obair nó ag staidéar



Ciorclaigh na focail a chuireann mothúcháin dhiúltacha in iúl, cuir líne faoi na focail a chuireann mothúcháin dhearfacha in iúl agus cuir comhartha ceiste in aice leis na focail nach bhfuil tú cinnte fúthu.

Ag baint úsáid as an fhaisnéis ar an léaráid, do bharúil an mbeifeá níos sásta ag obair nó ag staidéar an t-am ar fad sa bhaile nó taobh amuigh den bhaile s'agat?

An síleann tú go mbeidh gach duine ar aon intinn faoin áit is fearr le bheith ag obair nó le bheith ag staidéar?

Áis 3
Litir a sheoladh

Déanaimis Cuntas!

Is deas an rud é litir a sheoladh ó am go chéile. Amharc an dóigh a bhfuil an seoladh baile leagtha amach ar an litir thíos.

Grace Nic Gabhann	.....	*Ainm*
22 Gairdíní na Páirce	.....	*Uimhir an tí agus an tsráid*
CROMGHLINN	.....	*LONNAÍOCHT*
Co. an Dúin	.....	*Contae*
Tuaisceart Éireann	.....	*Tír*
BT26 3PL	.....	*Cód Poist*

Scríobh an seoladh baile a thiocfadh le cara de do chuid a úsáid dá mba mhaith leis litir a sheoladh chugat.

N.B. Thig leat an cód poist atá agat a fháil ag https://www.royalmail.com/find-a-postcode

Is minic a dheartar stampaí d'fhonn ceiliúradh a dhéanamh ar na rudaí speisialta a bhaineann le háit nó le dream daoine. Dear stampa le ceiliúradh a dhéanamh ar rud éigin speisialta a bhaineann leis an áit a bhfuil cónaí ort, an baile s'agat nó do theaghlach.

Téigh chuig https://maps.spatialni.gov.uk agus cuir isteach an cód poist atá agat le léarscáil a fheiceáil den áit a bhfuil cónaí ort.